C/2024/3929

19.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11580 — EDF / GENERALI / PARCOLOG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3929)

1. An 12 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Electricité de France SA ('EDF', an Fhrainc),

— Assicurazioni Generali S.p.A. ('Generali', an Iodáil),

— Parcolog Invest SPPICAV ('Parcolog', an Fhrainc), faoi rialú Generali.

Gheobhaidh EDF agus Generali rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Parcolog.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EDF gníomhach ar fud an domhain i ngach réimse de tháirgeadh, soláthar agus iompar leictreachais. Tá EDF gnóthach chomh maith i soláthar seirbhísí eile a bhaineann le leictreachas agus san earnáil gáis.

— Is é Generali máthairchuideachta deiridh grúpa idirnáisiúnta cuideachtaí atá gníomhach go príomha sna hearnálacha árachais agus airgeadais.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Parcolog: trádstórais lóistíochta a bheith faoina úinéireacht agus a ligean ar cíos thart ar Pháras, Lille, Lyon, Marseille agus Le Mans.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11580 — EDF / GENERALI / PARCOLOG

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc).
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË